

# Creathanna Talún agus Bolcáin | Freagra

## Samplach

### **Mínigh an tslí ar féidir gníomhaíocht sheismeach a thuar agus a cuid iarmhairtí a laghdú. (2017 C3C)**

Sainmhínítear gníomhaíocht sheismeach mar chineálacha, minicíocht agus méid na gcreathanna talún a tharlaíonn de bharr gluaiseacht theicteonach. Is iad seismeolaithe na heolaithe a dhéanann staidéar ar chreathanna talún, agus is minic a úsáideann siad seismeagraif chun méid na gcreathanna talún a bhrath agus a thomhas. Déanann seismeagraif taifeadadh ar réamhchreathanna creathanna talún agus sa dóigh seo, is féidir leo a thuar cathain a tharlóidh an phríomhchrith den chrith talún. Úsáideann scála Richter faisnéis a bhailíonn na seismeagraif chun an méid fuinnimh a tháirgeann an tonnchrith a thomhas. Ní thugtar creathanna faoi 3 ar an scála faoi deara. Trí staidéar a dhéanamh ar mhinicíocht, agus ar phatrún creathanna talún roimhe seo i gceantar, is féidir le heolaithe iarracht a dhéanamh patrúin a fháil sna bearnaí seismeacha idir creathanna talún agus an chéad chrith talún eile a thuar. Is féidir claonmhéadar a úsáid leis na tuartha seo a dhéanamh ar bhealach níos cruinne. Is uirlisí iad claonmhéadair a dhéanann tomhais ar chlaontaí nó boilg ar an talamh a tharlaíonn roimh chreathanna talún. Úsáidtear léasacha léasair ó shatailítí chun na gluaiseachtaí carraigeacha is lú a thomhas i gceantair a mbaineann creathanna talún leo. Is comhartha iad gluaiseachtaí carraige de ghluaiseachtaí plátaí is cúis le crith talún. Déantar monatóireacht ar mhéid an gháis radóin de réir mar a ardóidh leibhéal an gháis roimh chrith talún. Déantar monatóireacht freisin ar uisceleibhéil i dtoibreacha toisc go dtagann méadú orthu seo roimh chrith talún chomh maith. Creidtear gur féidir athruithe in iompraíocht ainmhithe a úsáid mar chomhartha de ghníomhaíocht sheismeach. Fágann nathracha a gcuid neadacha roimh chrith talún.

Toisc gur féidir linn minicíocht na gcreathanna talún a thuar, is féidir linn bealaí a aimsiú lena n-éifeachtaí agus líon na mbásanna a laghdú. Tá dlíthe pleanála dochta i bhfeidhm agus ní chheadaítear don tógáil laistigh d'achar áirithe de na héasclínite. Tá dlíthe den sórt sin i bhfeidhm san áit a dtéann Pláta an Aigéin Chiúin thar bráid Phláta Mheiriceá Thuaidh in California, Stáit Aontaithe Mheiriceá. Is féidir gníomhú chun foirgnimh a chosaint ó chrith talún, mar is minic

gurb í titim na bhfoirgneamh is cúis le mórchuid na mbásanna. Úsáidtear bunsraitheanna an-domhain i bhfoirgnimh, agus cuirtear sraitheanna rubair leo chun gníomhú mar mhaolairí turrainge Ligeann frámaí coincrét threistithe le cruach d'fhoirgnimh arda luascadh beagáinín seachas titim le linn crith talún. Is féidir le foirgnimh a bheith níos leithne ag an mbun agus níos cúinge ag an mbarr le cinntiú nach dtitfidh siad. De ghnáth tógtar tithe ag úsáid frámaí adhmaid agus bloic choincréite atá cuasach. Déanann na hábhair seo níos lú damáiste má thiteann siad as a chéile toisc go bhfuil na hábhair níos éadroime. Tá plean éigeandála náisiúnta ag go leor tíortha agus déanann siad é a chleachtadh go minic. Ligeann sé seo d'ullmhú agus téarnamh níos fearr tar éis crith talún, rud a laghdaíonn na héifeachtaí fadtéarmacha.